



COSC AR CHRAOBHSCAOILEACH ROIMH – 10AM, 11^ú Deireadh Fómhair 2006

An Bord Pleanála – Tuarascáil Bhliantúil 2005

RANPHÁIRTÍOCHT NA BPOBAL ÁITIÚIL I DTIONSCADAIL BONNEAGAIR STRAITÉISIGH CINNTITHE – AN BORD PLEANÁLA

Nuair a foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2005 de chuid an Bhoird Pleanála, an 11^ú Deireadh Fómhair 2006, dúirt Cathaoirleach an Bhoird, Seán Ó Conchúir gur gné lárnach é rannpháirtíocht na bpobal áitiúil sa phróiseas cinnteoireachta agus an Bord ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna nua faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006, a mbeidh feidhm leis go gairid. Cé go mbeidh tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leis an líon teoranta de thionscadail bhonneagair a bheidh faoi réir scóip na nósanna imeachta nua, san Acht, foráiltear go follasach do rannpháirtíocht iomlán na ndaoine áitiúla, na ggraobhacha tofa agus na ggraobhacha feidhmiúcháin sna húdaráis áitiúla lena mbaineann, na ngníomhaireachtaí reachtúla eile agus eagraíochtaí neamhrialtasacha lena mbaineann. Maidir le cur chuige ginearálta agus nósanna imeachta sainiúla an Bhoird, tá sé i gceist go mbeidh rannpháirtíocht den sórt sin bríoch agus go mbeidh measúnú an Bhoird maidir le tionscadail neamhspleách, cothrom agus go hiomlán trédhearcach. Cé nach mór an leas náisiúnta níos leithne agus polasaithe ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh, ní cheadófar tionscadail, a mheasfaidh an Bord, a dhéanfaidh díobháil mhór don timpeallacht áitiúil nó tionscadail nach dtagann le pleanáil chuí agus forbairt inmharthana. Leis an reachtaíocht nua, feidhmeofar an dá chritéar sin araon, go follasach den chéad uair riamh, i ndáil le tionscadail i réimsí iompair agus fuinnimh agus b'fhéidir nach bhfuil tuiscint iomlán ar ar an tábhacht a bhaineann leis sin fós.

Dúirt an Cathaoirleach go mbunófar Rannán Bonneagair Straitéisigh nua laistigh den Bhord chun moltaí ón earnáil phoiblí mar aon leis an earnáil phríobháideach i ndáil le tionscadail iompair, comhshaoil agus fuinnimh a láimhseáil. Ní mór go gcinnteoidh na nósanna imeachta atá le bunú ag an mBord, nósanna imeachta a thabharfaidh feidhm do na forálacha reachtúla sa Bhille, go ndéanfar an ceanglas maidir le hiarratais a phróiseáil go héifeachtúil agus go tapa a chothromú tríd an ngá atá ann le rannpháirtíocht na bpobal áitiúil agus na n-eagraíochtaí leasmhara reachtúla agus neamhrialtasacha. Ní mór go mbeidh páirtithe leasmhara, cibé baint a bheidh acu leis scéal, cinnte go gcuirfead a dtuairimí san áireamh sa chinneadh deiridh. Is maith atá a fhios ag an mBord an tábhacht a bhaineann le muinín an phobail a chothabháil tríd an tslí a gcinntear na tionscadail straitéiseacha sin.

Foilseoidh an Bord treoir, lena n-áirítear sonraí maidir lena nósanna imeachta, sula mbeidh feidhm leis na forálacha nua ionas go gcuideofar le daoine a chuirfidh tionscadail chun cinn, le páirtithe leasmhara agus le húdaráis áitiúla an reachtaíocht nua a oibriú go héifeachtach. Leis na treoirlínte sin, cuirfead béim faoi leith ar a chinntiú go gcuirfead an pobal go hiomlán ar an eolas maidir le tionscadail atá beartaithe agus go mbeidh rochtain acu ar shonraí go léir na dtionscadal sin le go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach go heolasach sa phróiseas. Dúirt an tUasal Ó Conchúir go gcreideann sé gur chóir do na daoine a chuireann morthionscadail

bonneagair chun cinn – cibé ar comhlachtaí poiblí nó cuideachtaí príobháideacha iad – tegmháil a dhéanamh le pobail áitiúla, chomh luath agus is féidir, ar bhonn oscailte agus macánta ionas go mbeidh an fhreagairt ar an tionscadal faoi anáil ag an bhfaisnéis is iomláine. Bainfidh an Bord leas as an gcéim chomhchomhairle réamh-iarratais, dá bhforáiltear san Acht, chun na tairbhí a bhaineann le cur chuige den sórt sin a chur ina luí ar dhaoine a thugann tionscadail chun cinn.

Ceadaíodh acmhainní foirne breise chun feidhmeanna nua an Bhoird faoin Acht a láimhseáil. Tá dóthanacht na n-acmhainní foirne údaraithe á breithniú i ndáil le dualgais nua an Bhoird a chomhlíonadh i gcomhthéacs cineál agus líon na gcásanna nua ar dóichí a chuirfear faoi bhráid an Bhoird chomh maith leis an ualach mór oibre atá ann cheana féin.

ACHOMHAIRC PLEANÁLA AG LEIBHÉAL NACH BHFACTHAS CHEANA

Dúirt an tUasal Ó Conchúir freisin leis an leibhéal gníomhaíochta pleanála mar atá sé agus scála na bhforbairtí atá ag teacht chuig an mBord, gur dócha go leanfaidh an leibhéal ard gníomhaíochta tógála ar aghaidh. D'fhéadfadh leibhéal na n-achomharc pleanála i mbliana a bheith níos airde ná leibhéal na n-achomharc pleanála sa bhliain 2005, leibhéal nach raibh chomh hard riamh, agus leis sin tá acmhainní an Bhoird á gcur faoi bhrú millteanach. Mar thoradh air sin, tá deacrachtaí ann feidhmíocht shásúil a chothabháil maidir leis an am a thógann sé achomhairc a chinneadh.

- Bhí líon na n-achomharc agus na gcásanna bonneagair suas go deireadh mhí Mheán Fómhair 2006 ag an leibhéal céanna le leibhéal na bliana anuraidh, leibhéal nach raibh chomh hard roimhe sin. De réir dealraimh, agus sinn ag féachaint ar threochtaí i láthair na huaire, rachaidh iontógáil na bliana 2006 thar leibhéal na 6,000.
- Níorbh fhéidir an tráthúlacht fheabhsaithe maidir le cinnteoireacht a bhí ann i mblianta roimhe seo a chothabháil. Thit céatadán na gcásanna a chinntítear laistigh den chuspóir ama reachtúil de 18 seachtaine siar ó 78% sa bhliain 2005 go 53% i 2006.
- Agus an leibhéal ard iontógála á léiriú, b'ionann líon na gcásanna a bhí idir lámha ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2006 agus 2253, b'shin ardú 19% ar líon na gcásanna a bhí ann ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2005.

Tá na bearta go léir is féidir, arna nglacadh ag an mBord, chun déileáil leis an riaráiste oibre agus chun díriú, chomh luath agus is féidir, ar an gcuspóir straitéiseach foriomlán de 90% de chásanna a chur de lámh laistigh de 18 seachtaine a bhaint amach. Tá acmhainní breise a leagan síos agus roghanna eile a bhreithniú chun aschur a mhéadú san áireamh leo sin. Is oth leis an mBord na moilleanna atá ag tarlú faoi láthair.

Is léir go dtugann leibhéal ard leanúnach na n-achomharc léiriú ar an ardú ginearálta in iarratais phleanála chuig údaráis áitiúla agus ní toradh é sin ar ardú sa ráta achomhairc, atá ag leibhéal comhsheasmhach de thairim is 7% go náisiúnta.

Tá leibhéal an-ard achomharc fós ann, a bhaineann le scéimeanna móra tithíochta. Le bliain anuas, dhéileáil an Bord le líon achomharc sách ard a raibh baint acu le forbairtí óstáin a bhain le deireadh a chur le dreasachtaí cánacha agus achomhairc freisin a raibh baint acu le cairéil. Léiríonn sé sin daingniú ginearálta ar rialú forbairtí cairéil faoi Acht na bliana 2000 agus réim an chláir tógála bóithre.

TREOCHTAÍ GINEARÁLTA I DTUARASCÁIL 2005

Is treochtaí tábhachtacha i ngnáthachomhairc phleanála iad na nithe seo a leanas atá i dtuarascáil na bliana 2005:-

- B'ionann cion na gcinntí áitiúla a ndearnadh achomharc ina leith agus ar thug an Bord Pleanála malairt cinnidh ina leith agus 30%, le hais 32% sa bhliain 2004.
- In achomhairc chéad pháirtí i leith diúltaithe, tugadh cead i 24% de chásanna, laghdú ó 28% sa bhliain 2004.
- In achomhairc tríú páirtí i leith cead a deonaíodh, diúltaíodh cead i 40% de chásanna, cosúil le leibhéal na bliana 2004.
- Cuireadh 27% d'achomhairc de lámh gan chinneadh foirmiúil a fháil ón mBord go príomha de bhrí nach raibh siad bailí nó gur tarraingíodh siar iad (29% sa bhliain 2004).

MÓRTHIONSCADAIL BONNEAGAIR

Go dtí seo, tháinig mórthionscadail bonneagair os comhair an Bhoird trí hachomharc phleanála nuair a thug daoine príobháideacha chun cinn iad nó trí iarratas díreach nuair a thug údaráis áitiúla chun cinn iad. Tá córais curtha i bhfeidhm ag an mBord chun tosaíocht a thabhairt agus chun moilleanna nach bhfuil gá leo a sheachaint i gcéim phleanála na dtionscadal seo. Mar shampla, ba é an meán-am a thóg sé chun tionscadail údaráis áitiúla a chinneadh i 2005 ná 22 seachtain, an t-achar céanna agus a thóg sé sa bhliain 2004 (bíonn formhór na gcásanna sin faoi réir próisis éisteachta ó bhéal). Tá an Bord ag leanúint ar aghaidh leis an leibhéal feidhmíochta sin i 2006.

BÓITHRE NÁISIÚNTA

Dúirt an Cathaoirleach nach raibh cuid de na húdaráis áitiúla ag tabhairt dóthain airde ar an ngá atá leis an gclár infheistíochta ar fiú na billiúin euro é, clár atá á dhéanamh anois ar líonra na mbóithre náisiúnta. Dhiúltaigh an Bord ceadú do roinnt tograí a dearadh chun forbairt áitiúil a éascú ach bhí cumas iompair agus sábháilteacht na mbóithre náisiúnta thíos leis. Tá baol mór ann anois mura ndéanfar aird go práinneach ar an gcuspóir atá ag clár infheistíochta reatha na mbóithre náisiúnta – is é sin iompar sábháilte agus éifeachtúil idir na mórionaid uirbeach a éascú – go ndéanfar neamhaird air ar mhaithe le breithnithe áitiúla. Cheana féin, tá comharthaí ann go bhfuil mórforbairtí miondíola, tráchtála agus cónaithe á mealladh chuig láithreacha

úrnua ag aomhail straitéiseacha ar phríomhbhóithre náisiúnta nua, iad ag cur fúthu ar na bóithre sin mar dháilitheoirí do thrácht áitiúil. Is amhlaidh go bhféadfadh go mbeadh iarmhairtí diúltacha mar thoradh air sin do phleanáil cheart agus d'fhorbairt chomhleanúnach na mbailte sin lena mbaineann sa todhchaí. Mura mbeimid cúramach, beidh an baile ag bogadh amach agus tachtófar an seachbhóthar agus beidh orainn an seachbhóthar a bhogadh arís! Is é bun agus barr na pleanála ná na hiarmhairtí sin a chosc – an cur lear mór acmhainní poiblí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin amú agus deireadh a chur leis an mbaile. D'fháiltigh an Cathaoirleach roimh dhoiciméad polasaí a d'eisigh an NRA le déanaí ar an ábhar seo.

RANNÍOCA FORBARTHA

D'athbhreithnigh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 an bonn reachtúil maidir le húdaráis áitiúla a bheith ag gearradh ranníoca forbartha le go ndéanadh forbairt nua ranníoc cuí do mhaoiniú an bhonneagair atá riachtanach chun forbairt a thacú. Bhí sé i gceist leis na forálacha nua go gcinnteofaí go mbeadh na ranníoca a thaibheofaí bunaithe ar infheistíocht iarbhire agus go mbeadh siad ríofa ar bhealach cothrom, trédhearcach agus intuatha. Faigheann an Bord líon suntasach achomharc a bhaineann le ranníoca a bhíonn toibhdithe i gcásanna aonair. Mar sin féin, tá sé de dhualgas ar an mBord tearmaí na Scéime Ranníoca Forbartha arna ghlacadh ag na húdaráis áitiúla a ghlacadh fiú más léir go mbeidh tionchar neamh-inmhianaithe acu ó thaobh pleanála nó go bhfuil sé dochosanta seachas sin. Mar shampla, faoi scéimeanna áirithe bíonn an mhuirear d'árasán beag i bhfad níos mó ná an muirear do theach atá i bhfad níos mó, is féidir le síneadh a bheith níos daoire ná teach nua, gearrtar táille ar charr a pháirceáil faoi thalamh agus ní ghearrtar táille ar bith má pháirceáiltear os cionn na talún é (bíonn iarmhairtí pleanála neamh-inmhianaithe soiléire leis seo), i gcinn eile, ní thugtar aon chreidmheas d'fhorbairt reatha ar láithreacha uirbeacha nó ar láithreacha goirt dhoinn agus dá réir bíonn tosaíocht á thabhairt d'fhorbairt úrnua agus bíonn drochphleanáil á chur chun cinn mar thoradh air sin. Léiríonn anailís ar thorthaí achomhairc i ndáil le ranníoca forbartha gurb é an toradh a bhíonn ag cion ard díobh sin ná go n-athraíonn an Bord iad agus léiríonn sin nach bhfeidhmíonn an t-údarás áitiúil a scéim féin i gceart nó nach ndéantar ranníoca speisialta a chur isteach mar is cuí sa bhreis ar ranníoca caighdeánacha a thabhaítear faoin scéim.

Tugann an Bord ar aird freisin nach mbaintear úsáid chuí as ranníoca airgeadais speisialta lena n-áirítear glacadh neamhfhoirmiúil roinnt údaras áitiúil le 'scéimeanna ranníoca speisialta', mar nach bhfuil aon fhoráil reachtúil dóibh sin ag cuid de na húdaráis. Is é an sásra ceart sa chás go mbíonn ranníoca den sórt sin réasúnach ná scéim amháin nó níos mó a ghlacadh go foirmiúil i ndáil le codanna éagsúla de limistéar an údaráis áitiúil nó scéim ranníoca forbartha fhorlíontach a ghlacadh go foirmiúil. I roinnt cásanna, scrios an Bord ranníoca speisialta sa chás gur breithníodh gur chóir go ndéanfaí na nithe sin a chlúdach i scéim a ghlacfaí go foirmiúil.

Ón taithí go dtí seo ar a bheith ag féachaint ar scéimeanna éagsúla, is léir don Bhord go ndearnadh go leor díobh trí dheifir chun freastal ar an spriocdháta reachtúil an 1 Iú Márta 2004 agus go bhfuil iarmhairtí neamhbheartaithe agus neamh-inmhianaithe mar thoradh orthu agus bheadh buntáiste ann dóibh ó athbhreithniú ag údaráis áitiúla ag an gcéim seo.